Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2024

# Stair

## Aonad 2:
## Staidéar Imlíne

**[GHR21]**

*GHR21*

**DÉ MÁIRT 4 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo agus ar leatháin bhreise ar bith.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo** – is féidir go mbeidh níos mó spáis ann ná mar atá de dhíth ort. Tá línte breise curtha leis an leabhrán má tá níos mó spáis de dhíth ort.
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist i Roinn A agus **dhá** cheist i Roinn B.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **6(a)** nó **6(b)** i Roinn B.

## Roinn A

Freagair **gach** ceist

Baineann na ceisteanna a leanann le léirmhínithe difriúla ar ré nua na coinbhleachta, an "cogadh ar an sceimhle" agus an tionchar ar chaidrimh idirnáisiúnta, 1991–2003.

1 Déan staidéar ar **Fhoinse A** thíos agus freagair an cheist a leanann:

**Foinse A: Ráiteas le Osama bin Laden, ceannaire Al-Qaeda, in 1998**

> Le breis agus seacht mbliana tá SAM ag déanamh ionradh ar thíortha Ioslam, ag goid a maoine agus ag náiriú a muintire. Is ionann na coireanna seo agus cogadh a fhógairt go soiléir ar gach Moslamach. Mar sin, tugann muid an *fatwā* seo a leanas do gach Moslamach. An rialú leis na Meiriceánaigh agus a gcomhghuaillithe, sibhialtaigh agus lucht míleata a mharú, is dualgas é atá ar gach Moslamach atá ábalta é a dhéanamh i dtír ar bith. Ní mór gach Moslamach a scaoileadh saor ó ghreim SAM. Caithfidh a n-airm tíortha Ioslam a fhágáil agus iad cloíte agus gan a bheith ábalta bagairt a dhéanamh ar Mhoslamach ar bith.

Cad é a insíonn **Foinse A** dúinn faoi dhearcadh Al-Qaeda maidir le Stáit Aontaithe Mheiriceá?

[4]

Bain úsáid as na línte thíos má tá siad de dhíth.

**2** Déan staidéar ar **Fhoinse B** agus ar **Fhoinse C** thíos agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Foinse B: Dearcadh iar-Phríomh-Aire na Breataine Tony Blair agus é ag caint in 2016 faoi na fáthanna a bhí ag an Bhreatain le dul chun cogaidh san Iaráic in 2003**

| |
|---|
| Ba é an rogha le dul i bpáirt le SAM i ngníomh míleata san Iaráic an cinneadh ba dheacra i mo shaol. Ba mhaith le SAM muintir na hIaráice a scaoileadh saor agus deireadh a chur le deachtóireacht Saddam Hussein. Ba chosúil go raibh fianaise d'airm ollscriosta ann, agus bhí dualgas orainn an Bhreatain Mhór, SAM agus an tIarthar a chosaint. |

**Foinse C: Dearcadh cartúnaí Mheiriceánaigh a bhí in éadan ionradh na SA ar an Iaráic in 2003**




*Foinse: © Steve Greenberg, Ventura County Star 2003*

**(a)** Tugann **Foinse B** agus **Foinse C** dearcthaí difriúla maidir leis na fáthanna leis an ionradh ar an Iaráic in 2003.

Mínigh **dhá** dhóigh a bhfuil difríocht idir na dearcthaí seo.

1. ______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________ [2]

**(b)** Mínigh **aon** fháth **amháin** a bhfuil na dearcthaí i **bhFoinse B** agus i **bhFoinse C** difriúil.

______________________________________________ [2]

Bain úsáid as na línte thíos má tá siad de dhíth.

**[Tiontaigh an leathanach**

**3** Déan staidéar ar **Fhoinse D** thíos agus freagair an cheist a leanann:

**Foinse D: Dearcadh blagálaí Mheiriceánaigh in 2021**

> Bhain SAM úsáid as 9/11 mar fháth le sraith d'athruithe réimis sa Mheánoirthear. Bhain an tUachtarán Bush agus SAM úsáid as ionsaithe 11 Meán Fómhair mar fháth le hionradh a dhéanamh ar an Iaráic lena holacheantair a ghabháil. Is beag am a chuir siad amú sular thosaigh siad. D'inis rialtas Bush bréag faoi airm ollscriosta san Iaráic. Ní raibh ionradh na hIaráice faoi ola, ach faoi chumhacht Mheiriceá. Fiche bliain i ndiaidh gur maraíodh breis agus 3 000 duine ar 9/11, tá SAM diongbháilte go fóill 'cogadh ar an sceimhle' a throid.

Cé chomh hinchreidte agus atá an dearcadh i **bhFoinse D** maidir leis na fáthanna le hionradh Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an Iaráic in 2003?

Mínigh do fhreagra ag baint úsáid as **Foinse D** agus as **d'eolas comhthéacsúil féin**.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [8]

**4 Déan staidéar ar Fhoinsí B, C agus D arís agus freagair an cheist thíos:**

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an dearcadh i **bhFoinse D** gur "bhain SAM úsáid as ionsaithe 11 Meán Fómhair mar fháth le hionradh a dhéanamh ar an Iaráic"?

I do fhreagra, **ní mór** duit úsáid a bhaint as **Foinsí B**, **C** agus **D** agus as **do chuid eolais féin**.

**[Tiontaigh an leathanach**

[16]

Bain úsáid as na línte thíos má tá siad de dhíth.

[Tiontaigh an leathanach

## Roinn B

Freagair ceist **5** agus **ceachtar acu** ceist **6(a) nó** ceist **6(b)**

**5** Cuir síos ar **dhá** fháth le Géarchéim Diúracán Chúba, 1959–1962.

1. ______________________________ [2]

2. ______________________________ [2]

Bain úsáid as na línte thíos má tá siad de dhíth.

Freagair **ceachtar acu** ceist **6(a) nó** ceist **6(b)**

**Ceachtar acu**

**6 (a)** Mínigh cad chuige agus cad é an dóigh a raibh SAM bainteach leis an Áise idir 1950 agus 1973.

Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas i do fhreagra. **Ní mór** duit úsáid a bhaint as do chuid eolais féin fosta.

- Fáthanna leis na SA a bheith bainteach leis an Chóiré agus le Vítneam
- Gníomhartha na SA sa Chóiré, 1950–1953
- Gníomhartha na SA i Vítneam, 1965–1973

[22]

**Nó**

**(b)** Cad é mar a d'athraigh an caidreamh idir an tIarthar agus an APSS sna blianta ó 1945 go 1956?

Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas i do fhreagra. **Ní mór** duit úsáid a bhaint as do chuid eolais féin fosta.

- Cliseadh ar an chomhghuaillíocht a bhí ann le linn an chogaidh
- Imshuí agus Aeraistriú Bheirlín, 1948–1949
- Éirí Amach na hUngáire, 1956

[22]

**6** **(a)** Mínigh cad chuige agus cad é an dóigh a raibh SAM bainteach leis an Áise idir 1950 agus 1973.

Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas i do fhreagra. **Ní mór** duit úsáid a bhaint as do chuid eolais féin fosta.

- Fáthanna leis na SA a bheith bainteach leis an Chóiré agus le Vítneam
- Gníomhartha na SA sa Chóiré, 1950–1953
- Gníomhartha na SA i Vítneam, 1965–1973

[22]

[Tiontaigh an leathanach

**(b)** Cad é mar a d'athraigh an caidreamh idir an tIarthar agus an APSS sna blianta ó 1945 go 1956?

Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas i do fhreagra. **Ní mór** duit úsáid a bhaint as do chuid eolais féin fosta.

- Cliseadh ar an chomhghuaillíocht a bhí ann le linn an chogaidh
- Imshuí agus Aeraistriú Bheirlín, 1948–1949
- Éirí Amach na hUngáire, 1956

*20GHR2117*

[22]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Foinse

Foinse A.....Adapted from World Islamic Front Statement Urging Jihad Against Jews and Crusaders"
Foinse B.....© The Guardian, adapted from Tony Blair: 'I express more sorrow, regret and apology than you can ever believe' | Iraq war inquiry | The Guardian
Foinse C.....© Cartoonist Steve Greenberg

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Roinn A** | |
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| **Roinn B** | |
| 5 | |
| 6 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.